Gaelchultúr

Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge

Feabhra–Bealtaine 2017

- Cruinneas gramadaí
- Cúrsaí stíle
- Aistriúchán

11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2
(01) 484 5220 | eolas@gaelchultur.com | www.gaelchultur.com

Cúlra

Ó bhain an Ghaeilge stádas oifigiúil amach san Aontas Eorpach agus ó achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá deiseanna nua fostaíochta ann dóibh siúd a bhfuil ardscileanna scríofa acu sa teanga. Tá go leor daoine ann a bhfuil líofacht acu sa Ghaeilge ach nach bhfuair deis cheart riamh gramadach chruinn a fhoghlaim ná cur lena scileanna scríofa. Chun freastal ar riachtanais an dreama seo, tá an Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge á reáchtáil arís ag Gaelchultúr idir mí Feabhra agus mí na Bealtaine 2017.

Cé dóibh an cúrsa seo?

Tá an cúrsa páirtaimseartha seo dírithe orthu siúd ar mian leo iarratas a chur isteach ar chúrsa iarchéime Gaeilge – Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán nó MA sa Ghaeilge Fheidhmeach, cuir i gcás – ach a mheasann nach bhfuil an caighdeán cuí bainte amach acu. Tá sé oiriúnach chomh maith do dhaoine a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge go laethúil – iriseoirí, státseirbhísigh agus aistritheoirí, mar shampla – ar mian leo barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna scríofa Gaeilge. Beidh an cúrsa seo ina chabhair freisin dóibh siúd a bhfuil sé beartaithe acu scrúdú Fhoras na Gaeilge a dhéanamh chun an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí a bhaint amach.

Ábhar an chúrsa

Dírítear sa dianchúrsa ar chruinneas gramadaí, ar chúrsaí stíle agus ar an aistriúchán. Cuirtear béim chomh maith ar na hacmhainní teicneolaíochta atá ar fáil sa Ghaeilge, cinn ar líne ina measc.

Obair an chúrsa

Déanann na rannpháirtithe an chuid is mó den chúrsa seo ar líne ach reáchtáiltear seisiúin lae sa seomra ranga ar cheithre Shatharn éagsúla chomh maith. Seo iad na dátaí a bheidh i gceist i gcúrsa an earraigh:

4 Feabhra, 4 Márta,
8 Aibreán, 13 Bealtaine

Beidh na seisiúin thuas ar siúl ag na hamanna seo: 10.00am–1.00pm agus 2.00–4.00pm. Ní bheidh sé éigeantach freastal ar na seisiúin seo sa seomra ranga ach moltar go láidir do na mic léinn a bheith i láthair acu.

Cuntas ar ranganna.com

Cruthófar cuntas do na rannpháirtithe ar shuíomh ríomhfhoghlama Ghaelchultúir, ranganna.com, agus beidh deis acu ceachtanna idirghníomhacha a dhéanamh ar an suíomh sin agus aiseolas a fháil láithreach. Cuirfear fóram ar fáil dóibh freisin ar ranganna.com, áit a mbeidh siad in ann ábhar an chúrsa a phlé le mic léinn eile agus lena dteagascóir.

Scrúdú roghnach

Beidh deis ag na mic léinn scrúdú gramadaí agus aistriúcháin dhá uair an chloig a dhéanamh ar chríochnú an chúrsa dóibh. Beidh an scrúdú seo ar siúl i mí na Bealtaine 2017 ach ní bheidh sé éigeantach.

Glacfar leis an scrúdú ceann cúrsa mar scrúdú iontrála chomh maith don Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán, cúrsa nua atá á reáchtáil ag Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr. Tá níos mó eolais le fáil faoin Dioplóma ar chlúdach cúil an bhróisiúir seo.

Riachtanais iontrála

Tá an cúrsa seo oiriúnach dóibh siúd a n-éireoidh leo ar a laghad 80% a ghnóthú i dTriail Ghaeilge ar Líne Ghaelchultúir. Tá an triail seo le fáil ar leathanach baile na suíomhanna gréasáin www.gaelchultur.com agus www.ranganna.com.

Táille

Cosnaíonn an Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge €450. Ní mór d'iarrthóirí an táille iomlán a íoc roimh thús an chúrsa.

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an gcúrsa, téigh go www.gaelchultur.com nó déan teagmháil le hoifig Ghaelchultúir. Sonraí teagmhála:

(01) 484 5220 | eolas@gaelchultur.com

Tá eolas mar gheall ar chlárú don chúrsa le fáil ar an gcéad leathanach eile.

Dátaí tábhachtacha ag baint leis an gcúrsa

Dáta deiridh d'iarratais:
Dé Céadaoin, 1 Feabhra 2017

Tús an chúrsa:
Dé Sathairn, 4 Feabhra 2017

Seisiúin eile an chúrsa:
Dé Sathairn, 4 Márta 2017
Dé Sathairn, 8 Aibreán 2017
Dé Sathairn, 13 Bealtaine 2017

Scrúdú ceann cúrsa:
Dé Sathairn, 20 Bealtaine 2017



Clárú don chúrsa

Is féidir clárú don Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge ar na bealaí seo a leanas:

- ar líne ag www.gaelchultur.com
- trí ghlaoch ar (01) 484 5220 agus táille an chúrsa a íoc le cárta creidmheasa
- trí sheic nó ordú poist (iníoctha le 'Gaelchultúr') a chur sa phost chuig:

  Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2
- trí fhoirm iarratais an chúrsa an íoslódáil ó www.gaelchultur.com, í a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig Gaelchultúr.

Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán

Bhain Gaelchultúr amach stádas mar choláiste tríú leibhéal i mí Iúil 2013 agus cuireadh tús leis an gcéad chúrsa de chuid Choláiste na hÉireann/Ghaelchultúir, Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán, i mí Mheán Fómhair 2013. Maireann an clár seo trí sheimeastar ar fad agus tá sé ag leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Tá an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán dírithe orthu siúd a bhfuil cumas maith acu sa Ghaeilge cheana féin ach ar mian leo scileanna aistriúcháin a fhoghlaim nó cur leis na scileanna atá acu sa réimse sin. Tá sé oiriúnach chomh maith do dhaoine a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge go laethúil – múinteoirí agus iriseoirí, mar shampla – ar mian leo barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna scríofa Gaeilge. Rachaidh an cúrsa chun sochair freisin dóibhsean ar spéis leo post a bhaint amach mar aistritheoir, mar riarthóir nó mar dhlítheangeolaí in institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh.

Tá an fhoghlaim chumaisc i gceist sa chúrsa, is é sin, meascán den staidéar ar líne, de ranganna beo ar líne, agus de léachtaí agus ranganna teagaisc sa seomra ranga. De bhrí go bhfuil go leor d'ábhar an chúrsa le fáil ar shuíomh ríomhfhoghlama Ghaelchultúir, ranganna.com, tá mic léinn ó gach cearn den tír in ann freastal air.

Chun teacht ar thuilleadh eolais faoin Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán, mar aon le bróisiúr an chúrsa agus foirm iarratais, téigh go dtí an rannóg 'Iarchéim' ar www.gaelchultur.com. Is féidir teacht ar eolas breise freisin ach glaoch ar (01) 484 5220 nó scríobh chuig an seoladh eolas@gaelchultur.com.